



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2024**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Gearmáinis**

**Ardleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

### **Agus an scéim mharcála á léamh, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:**



- Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail eile atá ar comhchiall leis na cinn atá ar fáil ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- **Léiríonn tulsais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí a bhfuil tulsais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.
- Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun lánmharcanna a bhaint amach.
- Tá eolas **a bhfuil líne faoi** riachtanach chun an marc iomlán a bhaint amach.
- Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile. I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, glac leis an gcéad fhreagra agus sin amháin. I gcás ina bhfuil freagraí i dteanga seachas an teanga a sonraíodh: bronn leathmharcanna.

### **Socruithe Réasúnta**

Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach sa scéim mharcála ar leathanaigh 15 agus 19.

## Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil

### Ní thugtar nótaí mínithe sna freagraí uile

|                                                                                             |                                                                                                                                                  |
|---------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>[     ]</b>                                                                              | Ábhar Neamhábhartha                                                                                                                              |
|            | San áit ina mbíonn pointí maithe teanga                                                                                                          |
|            | Pionós leathmharc do fhreagraí i dteanga nár sonraíodh/ ábhar neamhábhartha/athfhriotal gan ionramháil san áit ina bhfuil ionramháil riachtanach |
|            | Cumas Scríofa Níos Ísle                                                                                                                          |
|            | Earráidí gramadaí, aimsirí, úsáid mhíchuí as an stór focal, earráidí sa litriú, easnaimh ...                                                     |
|            | Níor bronnadh marcanna                                                                                                                           |
| <br>srl... | 1, 2, 3, ... srl. marc(anna) bronnta                                                                                                             |
|           | Úsáid giorrúcháin a, b, c,... agus pointí ábhair aonair á dtaispeáint                                                                            |
|          | Leathanach bán / ábhar feicthe                                                                                                                   |
|          | I gcás botúin in ord na bhfocal                                                                                                                  |
| Op1/CL1                                                                                     | An chéad abairt/an abairt deiridh                                                                                                                |
| Dis1                                                                                        | Marc lánroghnach                                                                                                                                 |
| SMM                                                                                         | Scéim Mharcála Mhionathruithe                                                                                                                    |

**TÉACS I: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc) (14, 18, 18, 10)**

(Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs; **athfhriotail** gan ionramháil san **áit** ina bhfuil ionramháil **riachtanach**/ina bhfuil ábhar **neamhábhartha**: **leathmharcanna**. **Lánmharcanna do chodanna le hionramháil**. (Freagraí i dteanga nár sonraíodh = leathmharcanna)

**Frage 1: (14 mharc: (a) 6 mharc; (b) 4 mharc; (c) 4 mharc)**

**(a) (6 mharc)**

*Was erfahren Sie zu Beginn des Textes über den Autor Arno Geiger? (Zeile 1 – 9)*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**

1. Er hat(te) ein glückliches Geheimnis.
2. Er war vor (fast) 30 Jahren 24 Jahre alt. // Er ist jetzt/fast 54 Jahre alt.
3. Er studierte/hat studiert.
4. Er wollte Schriftsteller/Autor werden.
5. Er hatte (schon) zwei Bücher geschrieben. (**Plusquamperfekt ag teastáil**)
6. Seine Bücher waren kein Erfolg. / Niemand wollte seine Bücher lesen. / Niemand interessierte sich für seine Bücher.
7. Er lebte/wohnte in Wien.

**(b) (4 mharc: 4 x 1 mharc)**

*Beschreiben Sie die Wohnung, in der Arno Geiger lebte. (Zeile 9 – 16)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 1 mharc) (Aimsir láithreach = 0)**

1. Die Wohnung war heruntergekommen.
2. ... war sehr klein / hatte nur 30 Quadratmeter / war nur 30 qm groß.
3. Die Wohnung hatte nur eine Küche und ein Zimmer.
4. Er arbeitete, aß und schlief dort. / Das Zimmer war (gleichzeitig) Wohnzimmer, Arbeitszimmer, Ess- und Schlafzimmer. /... war alles zusammen: Wohn-, Arbeits-, Ess- und Schlafzimmer. (**Dhá shonra ag teastáil**)
5. Es gab keine Toilette in der Wohnung. / Die Toilette war im Flur.
6. Er musste die Toilette mit seinen / den Nachbarn teilen.

**(c) (4 mharc: 4 x 1 mharc)**

*Warum wohnte der Autor gern in dieser Wohnung? (Zeile 17 – 29)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 1 mharc) (Aimsir láithreach = 0)**

1. Er zahlte wenig Miete. / Die Wohnung war billig.
2. Die Wohnung/sie lag in der Nähe vom *Naschmarkt*, wo es billige Lebensmittel gab/wo er billig einkaufen konnte.
3. Es gab einen Flohmarkt in der Nähe (wo er alles kaufen konnte. / wo er Bücher, Stifte und Kleidung kaufen konnte).
4. Er fühlte sich (dort) wohl/zuhause/glücklich.
5. Er hatte (dort) seine Ruhe.

**Ceist 2: (18 marc: (a) 4 mharc; (b) 14 mharc) (Ceadaiigh an Aimsir Láithreach)**

**(a) (4 mharc)**

*Déanann Arno Geiger cur síos ar an spéis atá aige i leabhair. Tabhair sonraí. (línte 30 – 37)*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

1. Fuair sé / cheannaigh sé leabhair ag margadh na míolta.
2. Níor cheannaigh sé leabhar amháin ach deich leabhar san am. / Cheannaigh sé ana chuid leabhar.
3. Bhí sé fiosrach a fháil amach cad a bhí na h-údair eile ag foilsiú go rathúil/le rath. (**ceadaigh: údair rathúla**)
4. Bhí súil aige go n-éireodh leis féin.

**(b) (14 mharc: (i) 4 mharc; (ii) 6 mharc; (iii) 4 mharc)**

(i) *Céard air a dtagann Geiger lá amháin? Tabhair sonraí. (línte 38 – 50)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 1 mharc)**

1. D'aimsigh sé (cúig bhosca/chartán banana) boscaí/cartáin lán le/le leabhair.
2. D'aimsigh sé níos mó leabhar sa choimeádán páipéir / san araid.
3. ... grianghraif
4. ... nuachtáin
5. ... catalóga

(ii) *Glacann Geiger gnáthamh nua chuige féin. Tabhair sonraí. (línte 51 – 66)*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**

1. Thosaigh sé é an lá dár gcionn.
2. Thaiscéal sé tír-raon nua marcáilte le brocamas/salachar // Chuardaigh sé araidí.
3. Do Geiger beangán den ádh an toradh a bhí air.
4. Bhuail sé bóthar gach maidin Dé Luain ag a 5 a chlog.
5. D'úsáid sé an meitreo (na Vín) agus a rothar. **(An dá rud ag teastáil)**
6. Chaith sé sean-jions agus seaicéad. **(An dá rud ag teastáil)**
7. Bhuail sé le holtóirí na hoíche seo caite.
8. Bhuail sé leis na mochóirí / na daoine a thugann a gcuid madraí ag siúl.
9. Thóg sé a chuid ama. / Níor dheifrigh sé.
10. D'fhan sé sna taobhsráideanna.
11. I staid aislingeach a bhí sé / mhothaigh sé go raibh sé leath ina chodladh.

(c) *Cad iad na torthaí air sin? Tabhair sonraí. (línte 67 – 82)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 1 mharc)**

1. (Idir salachar agus bruscar) aimsíonn sé / d'aimsigh sé leabhair luachmhara / páipéir stairiúla / sean-ghreannáin / sean-phóstaeir / bróisiúir cairr. **(Dhá mhír ag teastáil)**
2. Thug sé/dhíol sé chuig/le ceantálaithe/comhlachtaí ceantála / margáí na míolta/díolacháin mangarae iad.
3. Bhí sé in ann cíós sé mhí a íoc lena chéad díol.
4. D'éirigh sé níos sábháilte ó thaobh airgid de. // Bhí airgead ag teacht isteach faoi dheireadh.
5. Thóg bailiúchán agus díolachán **(An dá rud ag teastáil)** suas níos mó agus níos mó ama.
6. Bhí níos lú ama aige le scríobh. // D'fhulaing a ghairm scríbhneoireachta.

**Ceist 3: (18 marc: (a) 6 mharc; (b) 6 mharc; (c) 6 mharc)**

**(a) (6 mharc: 2, 4 x 1 mharc)**

*Céard a dhéanann Geiger chun teacht ar smaointe nua agus conas a athraíonn sin é féin agus a chuid scríbhneoireachta?*

*Tabhair sonraí. (línte 83 – 96) (NB: Ceadaiigh an Aimsir Láithreach nó an Aimsir Caite)*

**Céard? (2 mharc)**

1. Tosnaíonn sé ag léamh na téacsanna lámhscríofa. // Léann sé rudaí príobháideacha / nótaí / dialanna / litreacha. **(2) (Dhá mhír ag teastáil)**

**Conas? (Ceithre cinn ar bith: 4 x 1 mharc)**

1. (Trí na téacsanna sin a léamh) foghlaimíonn sé / faigheann sé eolas faoin saol normálta.
2. Éiríonn sé níos dlúithe le daoine.
3. Féachann sé isteach ar chroíthe daoine.
4. Tuigeann sé / foghlaimíonn sé conas atá ag éirí le daoine timpeall air.
5. ... a mothúcháin/a dtocht/
6. ... a smaointe,
7. ... conas a dhéileálann daoine le ádh mór/rath mór **agus** mí-ádh/drochrath.
8. Faigheann a scéalta cúlra eile/difriúil/malartach.
9. Is gnáthdhaoine iad na daoine/carachtair sna leabhair / déantar gnáthdhaoine díobh.
10. ... tagann siad chun beatha.

**(b) (6 mharc)**

*Tagann casadh nua i ngairm bheatha Geiger. Tabhair sonraí. (línte 97 – 110)*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc) (NB: Ceadaiigh an Aimsir Láithreach nó Aimsir Caite)**

1. Scríobhann sé/foilsíonn sé leabhar/úrscéal nua ('*Es geht uns gut*' / '*Tàimid ag déanamh go maith*').
2. Éiríonn lena leabhar. / (Lena leabhar nua) Éiríonn le Geiger. / Tagann ádh agus rath lena leabhar nua.
3. Buann sé Duais Leabhar na Gearmáine/Den Deutschen Buchpreis
4. Buann sé 25,000 Euro.
5. Tosaíonn sé saol nua (mar údar).
6. Téann sé ar thuras (6 mhí) léitheoireachta/leabhair (tríd an nGearmáin).
7. Éiríonn sé ina dhuine/phearsantacht aitheanta. // Tógtar grianghraif de. // Tá a ainm agus a aghaidh ar eolas ar dhaoine/Tháinig aitheantas ar a ainm agus a aghaidh.

**(c) (6 mharc)**

*Bhí saol **dúbailte** á chaitheamh ag Arno Geiger leis na blianta. Tabhair sonraí. (línte 111 – 123)*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**

1. Is údar rathúil/pearsa phoiblí é **ach/agus freisin** is bailitheoir dramhaíola/seanpháipéir é/ ach tumann sé fós sa bhrúscar ar feadh ceithre uair a chloig sa lá chun inspioráid a aimsiú.
2. Caitheann sé culaith tráthnóna/casóg eireabail nuair a théann sé amach le haghaidh dinnéir **ach** ar maidin caitheann/ cuireann sé na jions is sine atá aige air.
3. Tá aithne mhór air mar údar **ach** tarraingíonn sé síos a chaipín chun a aghaidh a cheilt/níl sé ag iarraidh do n-aithneofaí é.
4. D'fhan a shaol dúbailte faoi rún/Rún ab ea é a shaol dúbailte (le blianta fada).

#### Ceist 4: (10 marc: Dhá cheann ar bith: 2 x 5 mharc)

Is téama sa scéal seo an **dea-ádh**. Tabhair **dhá** shampla ón téacs.  
(Is féidir úsáid teanga **agus/nó** ábhar a bheith i gceist.)

##### (Ábhar)

##### Ádh mór:

1. Bhí ról fíor-thábhachtach ag *ádh mór* ina shaol ó bhí sé 24 bliain d'aois.
2. Creideann sé go bhfuil rún ámharach coimeádta aige/tá áthas air go bhfuil rún ámharach coimeádta aige (le blianta).
3. Mothaíonn sé go bhfuil ádh air a áit féin/árasán a bheith aige.
4. Déanann sé cur síos ar an aimsiú go leor leabhar ag ionad bruscair mar ádh ollmhór.
5. Mothaíonn sé go bhfuil ádh mór ina theannta nuair a aimsíonn sé leabhair luachmhara srl.
6. Trí ádh ceart tá sé in ann a chíos a íoc.
7. Foghlaimíonn sé níos déanaí maidir le conas a dhéileálann daoine eile le ádh mór (rath).
8. Is trí ádh mór a thagann athrú ar a scríbhneoireacht toisc gur aimsigh sé scríbhinní/mothúcháin phearsanta daoine eile i gcoimeádáin bruscair.
9. Faigheann sé ádh mór le rath a leabhar // buann sé duais/25,000 Euro.

##### (Úsáid teanga)

1. Is é teideal an scéal ná: *An Rún Ámharach*.
2. Úsáid an fhocail, *Glück* ‘cúig huaire’ – pé uair a tharlaíonn rud éigin dearfach agus gan choinne i shaol Arno Geiger.
3. Úsáideann sé an focal *Glücksfall* chun cur síos a dhéanamh go n-aimsíonn sé leabhair agus rudaí luachmhara eile i gcoimeádáin páipéir bruscair.
4. Úsáid na haidiachta *glücklich* tri huaire chun a léiriú go raibh tionchar ag ádh mór ar a shaol.

## TÉACS I: ANGEWANDTE GRAMMATIK (25)

### Freagair ceist 1 NÓ ceist 2

1. Schreiben Sie die folgenden unterstrichenen Verben **im Präsens**.

**Beispiel:** Arno Geiger kam an Papiercontainern vorbei.

Arno Geiger kommt an Papiercontainern vorbei

(25 marc: 5 x 5)

(1) öffnet (5)

(2) beginnt (5)

(3) verkauft (5)

(4) kann (5)

(5) tanzt (5)

## NÓ

2. Lesen Sie den folgenden Text. Setzen Sie die **fehlenden Relativpronomen** aus dem Kästchen unten ein.

(25 marc: 5 x 5)

(1) dem (5)

(2) die (5)

(3) die (5)

(4) das (5)

(5) der (5)

**NB:** Teastaíonn fianaise gur **thuig** iarrthóirí an téacs.

**Athfhriotal** gan ionramháil san **áit** ina bhfuil ionramháil **riachtanach**/ábhar **neamhábhartha** ann: **leathmharcanna. Lánmharcanna do chodanna le hionramháil. (Freagraí i dteanga nár sonraíodh = leathmharcanna)**

**Frage 1: (14 mharc: (a) 6 mharc; (b) 4 mharc; (c) 4 mharc)**

**(a) (6 mharc)**

*Warum hat Lukas Muth kein Smartphone? Schreiben Sie **drei** kurze Sätze. (Alt 1)*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**

1. Er will kein Smartphone (haben).// Er ist freiwillig *offline*. / Er will *offline* sein.
2. Er hat keinen Grund eins zu kaufen. // Er ist/war weder für noch gegen Smartphones.
3. Er braucht keins um ein Busticket zu kaufen (weil er in der Nähe der Schule wohnt).
4. Seine Freunde haben ein Smartphone (falls er eins benutzen will).
5. Er vermisst es (bisher) nicht.
6. Er verabredet sich mit Freunden in der Schule//vom Computer aus//über *Discord*.

**(b) (4 mharc)**

*Laut Statistik sind viele Jugendliche anders als Lukas. Geben Sie Details. (Alt 2)*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

1. WhatsApp, Instagramm//andere soziale Medien sind bei Jugendlichen populär.
2. 95% der 16-18-Jährigen in Deutschland haben ein Smartphone.
3. Die meisten Jugendlichen verbringen 39 Stunden pro Woche im Netz.
4. Sie sehen (circa) dreißig Mal pro Tag auf ihr Handy.

**(c) (4 mharc)**

*Wie war das bei Lukas' Freunden? (Alt 2)*

**(2 + 2 mharc)(NB: Ní mór an Aimsir Chaite a bheith ann)**

1. Sie/die ersten seiner Freunde hatten schon mit 11 Jahren ein Handy/Smartphone.
2. Mit 14 Jahren war er der Letzte ohne Handy/Smartphone//hatte nur er keins.

**Freagair Ceist 2 agus Ceist 3 i nGaeilge.**

**Ceist 2: (20 marc: (a) 10 marc; (b) 10 marc)**

**(a) (10 marc: (i) 4 mharc; (ii) 6 mharc)**

*(i) De réir alt 3, cad iad na ceisteanna atá tábhachtach do go leor daoine óga?*

*Tabhair **ceithre** shampla.*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 1 mharc)**

1. Cad atá cúláilte / míchúláilte?
2. Cé a bhaineann le cén grúpa / meitheal / dream / club?
3. Cad iad na táirgí san fhaisean? // Cad iad na héadaí / bróga / málaí / gluaisteáin san fhaisean/cúláilte?
4. Cén branda / déanamh fóin?
5. Cén cineál fóin?
6. Cé chomh nua é an iPhone/do iPhone?

(ii) *Tabhair sonraí maidir le gluaiseacht nua i measc daoine óga. (Alt 3)*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**

1. Tá sé ann i dtíortha difriúla/an Ghearmáin, na Stáit Aontaithe, ... // i mBeirlín, Brooklyn...
2. Tá daoine óga ag eagrú iad féin (i ngrúpaí beaga).
3. Roinneann siad rud éigin réabhlóideach. // Níl aon fhón cliste acu.
4. Buaileann siad le chéile go seachtainiúil seachas ag baint úsáid as na meáin shóisialta/ní úsáideann siad na meáin shóisialta.
5. (Ag a gcruinnithe) ní thógann siad féiníní.
6. Ní roinneann siad tuairimí ar Facebook.
7. Ní dhéanann siad fiseáin do TikTok.

**(b) (10 marc: (i) 4 mharc; (ii) 6 mharc)**

(i) *Cad iad an dá riail atá ag Clubanna na Luddach? (Alt 4)*

**(2 x 2 mharc)**

1. Ní cheadaítear ach fóin gan rochtain idirlín.
2. Bíonn ar gach duine freastal ar a gcruinnithe (seachtainiúla).

(ii) *Tabhair sonraí faoina gcuid cruinnithe. (Alt 4)*

**(6 mharc: 2 x 3 mharc)**

1. Buaileann siad le chéile in áiteanna/ páirceanna / caiféanna / beáir gan rochtain Wi-Fi/WLAN.
2. Labhraíonn siad faoina dtaithí as líne.

**Ceist 3: (16 mharc: (a) 8 marc (b) 8 marc)**

**(a) (8 marc)**

*Cén fáth go bhfuil cinneadh déanta ag roinnt daoine óga gan fóin chliste a úsáid? (Alt 5)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)**

1. Chun an strus a bhaineann le cásanna inar féidir teagmháil a dhéanamh leo/teacht orthu/rochtain a fháil orthu i gcónaí a sheachaint.
2. ... freagair a thabhairt i gcónaí.
3. ... le postáil i gcónaí.
4. Ní theastaíonn uathu go ndéanfaí seiceáil / faire / monatóireacht orthu (an t-am ar fad). **(Faoi smacht = 0)**
5. Teastaíonn uathu a bheith ag caint faoi ábhair atá tábhachtach dóibh.
6. Tá a ndóthain acu/ tá siad tinn tuirseach de thionchóirí **(Ceadaigh aon ráiteas diúltach)**
7. Teastaíonn uathu dul ar ais/filleadh ar ais go dtí an saol mar atá.

**(b) (8 marc)**

*Cén chaoi a mbíonn cúrsaí difriúil nuair a bhuaileann daoine le chéile gan a gcuid fón cliste?  
Tabhair sonraí. (Alt 6)*

**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)**

1. Déanann siad cumarsáid níos fearr.
2. ... bíonn siad ag caint lena chéile ar chaoi dhian/níos déine/níos doimhne.
3. ... éistean siad lena chéile
4. ... déanann siad ceol
5. ... léann siad (ar/ó) pháipéar / léann siad cad atá scríofa ar pháipéar. **(páipéir nuachta = 0)**
6. ... pléann siad leabhair
7. ... déanann siad/déanann siad iarracht / rudaí cruthaitheacha nua / a dhéanamh / is daoine cruthaitheacha iad.
8. ... tarraingíonn siad gan (úsáid a bhaint as) teicneolaíocht / tacaíocht theicniúil.
9. Téann siad ar siúlóidí

**Ceist 4: (10 marc: 5 x 2 mharc)**

*Welche Satzhälften passen zusammen?*

|   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | c | 3 | f | 4 | e | 5 | a | 6 | b |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**TÉACS I: Äußerung zum Thema (25 Marc)**

**Bearbeiten Sie (a) oder (b):**

**(a) Ohne Smartphone?**

*Sehen Sie sich das Foto rechts an.*



**Ábhar = 13 (A = 3; B = 4; C = 4; Dis. 2)**

**Cumas Scríofa = 12**

- Tabhair marcanna don **ábhar** ar dtús;
- Tá dhá mharc *lánroghnacha* (1, 1) ar fáil le bronnadh faoi cheann ar bith de na pointí A-C as **ábhar ábhartha, as mionsaothrú nó as trácht** breise.
- Cuir ábhar neamhábharta i lúibíní cearnógacha [...]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.

**A: (3 mharc)**

*Beschreiben Sie das Foto in **drei bis vier** Sätzen.*

**Satz 1: 1 mharc**

**Satz 2: 1 mharc**

**Satz 3: 1 mharc**

**B: (4 mharc)**

*Wenn **Sie** mit Freunden kommunizieren, wie machen **Sie** das? Warum? (**zwei** Sätze)*

**Wie: 1 mharc**

**Warum: 1 mharc**

*In manchen Schulen sind Handys verboten. Wie denken **Sie** darüber? (**zwei** Sätze)*

**Satz 1: 1 mharc**

**Satz 2: 1 mharc**

**C: (4 mharc)**

***Für** etwas zu demonstrieren – ist das wichtig? Warum/warum nicht? (**zwei** Sätze).*

**Grund 1: 1 mharc (NÓ: 1 Grund + Tuilleadh Eolais)**

**Grund 2: 1 mharc**

*Haben **Sie** schon einmal demonstriert? Schreiben Sie **zwei** Sätze.*

**Satz 1: 1 mharc**

**Satz 2: 1 mharc**

**Dis. 2 mharc**


**Ar bhronn tú na marcanna lánroghnacha?**

**(b) Bücher**

*Sehen Sie das Foto rechts an.*

**Ábhar = 13 (A = 3; B = 4; C = 4; Dis. 2)**

**Cumas Scríofa = 12**



- Tabhair marcanna don **ábhar** ar dtús;
- Tá dhá mharc *lánroghnacha* (**1, 1**) ar fáil le bronnadh faoi cheann ar bith de na pointí A-C as **ábhar ábhartha, as mionsaothrú nó as trácht** breise.
- Cuir ábhar neamhábhhartha i lúibíní cearnógacha [...]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.

**A: (3 mharc)**

*Beschreiben Sie das Foto in **drei bis vier** Sätzen.*

**Satz 1: 1 mharc**

**Satz 2: 1 mharc**

**Satz 3: 1 mharc**

**B: (4 mharc)**

*In der Schule müssen **Sie** Romane lesen. Wie finden **Sie** das? (**zwei** Sätze)*

**Satz 1: 1 mharc**

**Satz 2: 1 mharc**

*Lesen **Sie** in Ihrer Freizeit Bücher? Begründen Sie warum/warum nicht. (**zwei** Sätze)*

**Grund 1: 1 mharc** (Nó: 1 Grund + Tuilleadh Eolais)

**Grund 2: 1 mharc**

**C: (4 mharc)**

***Sie** schreiben selbst ein Buch. Über was schreiben **Sie** und warum? (**zwei** Sätze)*

**Über was: 1 mharc**

**Warum: 1 mharc**

*Mit Ihrem Buch gewinnen **Sie** 25.000 Euro. Was machen **Sie** mit dem Geld? (**zwei** Sätze)*

**Satz 1: 1 mharc**

**Satz 2: 1 mharc**

**Dis. 2 mharc**

**Ar bhronn tú na marcanna lánroghnacha?**

## Cumas Scríofa a Mharcáil in *Äußerung zum Thema* (a) nó (b)

Ábhar: Marcáiltear as **13**

Cumas Scríofa: Marcáiltear as **12** nó **7**

Más é **8** nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná **60** focal), marcáil an cumas scríofa as **7** agus roghnaigh an nóta mínithe: L (E Níos Ísle) leis seo a léiriú. Úsáid na nótaí mínithe (✓<sub>a</sub>, ✓<sub>b</sub>, ✓<sub>c</sub> srl.) agus pointí ábhair aonair á dtaispeáint (**Con**); agus (**Exp**) don Chumas Scríofa.

| <i>E Níos Ísle<br/>(má tá an t-ábhar<br/>≤ 8)</i> | <i>Iomlán<br/>Scála</i> | <i>CUR SÍOS AR CHATAGÓIR</i>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
|---------------------------------------------------|-------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>7</b>                                          | <b>12</b>               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
| <b>0 – 2</b>                                      | <b>0 – 3</b>            | <p><b>Stór focal</b> an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla; <b>ord na bhfocal</b>, go háirithe suíomh an bhriathair, mícheart go han-mhinic; foirmeacha/aimsir na mbriathra mícheart ar an iomlán.</p> <p>Go leor earráidí sa <b>litriú</b>, drochearráidí <b>gramadaí</b>; tá na tuisil mícheart go ginearálta; fíorbheagán aontuithe atá ceart.</p>                                   |
| <b>3 – 4</b>                                      | <b>4 – 6</b>            | <p>Úsáid an <b>stóir focal</b> teoranta – neamhleor agus neamhchuí in amanna – le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla; earráidí in <b>ord na bhfocal</b> le feiceáil. Foirmeacha/aimsir na mbriathra mícheart ar an iomlán.</p> <p>Earráidí sa <b>litriú</b> go minic. Drochearráidí gramadaí ó am go ham: Tuisil, aontuithe, foircinn mhíchearta.</p>                                                                                                  |
| <b>5 – 6</b>                                      | <b>7 – 9</b>            | <p>Úsáid an <b>stóir focal</b> measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Gearmáinise in úsáid, b'fhéidir. Fíor-chorrdhearmad in <b>ord na bhfocal</b>.</p> <p>Gan ach beagán earráidí i bhfoirmeacha/aimsir na mbriathra.</p> <p>Gan an iomarca earráidí sa <b>litriú</b> ann. Gan ach beagán drochearráidí gramadaí/mionearráidí gramadaí go minic: Tuisil, aontuithe, foircinn i gceart <u>níos minice ná a mhalairt</u>.</p> |
| <b>7</b>                                          | <b>10 – 12</b>          | <p>Úsáid an <b>stóir focal</b> go maith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Gan ach beagán earráidí in <b>ord na bhfocal</b>. Foirmeacha/aimsir na mbriathra go maith.</p> <p>Is annamh a bhíonn earráidí sa <b>litriú</b> ann, <b>gramadach</b> ceart tríd is tríd: Leibhéal maith cruinnis i dtuisil, foircinn na mbriathar agus aontuithe...</p>                                                                                                        |

**N.B.** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (**E = Cumas Scríofa**) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí, lena n-áirítear ró-iontaoibh ar spreagthaigh.

**Socrúithe Réasúnta:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú / gramadach, beidh an marc a bhronnfar laistigh de chatagóir bunaithe ar an **stór focal**, ar **mhúnlú na n-aimsirí agus ar ghnéithe a bhaineann le hord na bhfocal** amháin i.e. na tuairisceoirí i gcló iodálach thuas agus ní ar litriú agus ar ghramadach atá bainteach le litriú.

## SCHRIFTLICHE PRODUKTION (50)

Bearbeiten Sie (a) oder (b)

(a) Litir

Nóta: Freagair ceithre cinn ar bith de na cúig phointe seo a leanas.

Scríobh Julia/Julius, do chara Gearmánach, chugat. Tabhair freagra i nGearmáinis ar an litir agus bíodh freagraí mionsonraithe agat ar na **ceithre réimse topaicí** ar chuir sí/sé ceisteanna ina dtaobh, agus tabhair do thuairim phearsanta orthu.

(Scríobh tuairim is 160 focal.)

Ábhar = 25 marc

Cumas Scríofa = 25 marc

Tá cúig mharc lánroghnacha (**Dis1, Dis1, Dis1, Dis1, Dis1**) ar fáil le bronnadh faoi aon cheann de **A, B, C, D nó E** ar **mhionsaothrú nó ar thrácht ábhartha** breise. Lean na rialacha mar a bhí ag *Äußerung*.

**Op. (2)**

Oscailt oiriúnach:

An t-íosmhéid (**1 mharc**)

Mionsaothrú cuí NÓ tagairt d'ábhar na litreach. (**1 mharc**)

**A. (4)**

*...Wann und wo wirst du deinen nächsten Geburtstag feiern? Wen wirst du einladen? Und was werdet ihr machen?* (**Ceithre abairt ábhartha ar bith: 4 x 1 mharc**)

**B. (4)**

*Die deutsche Regierung gibt jedem Jugendlichen, der dieses Jahr 18 wird, einen ‚Kulturpass‘ mit einem Budget von 200 Euro für Konzerte, Museen, Kinobesuche, Bücher usw. ....*

*Wofür würdest du so einen Pass benutzen?* (**1**) *Warum?* (**1**)

*Sollte es so einen Kulturpass auch in Irland geben?* (**1**) *Warum meinst du das?* (**1**)

**C. (4)**

*Mein Freund David ... will mit dem Fahrrad durch 22 Länder bis nach China radeln. Was hältst du davon?* (**1**) *Was meinst du: was sollte er unbedingt mitnehmen?* (**1**)

*Kannst du dir vorstellen, etwas so Extremes zu machen?* (**1**) *Warum denkst du so?* (**1**)

**D. (4)**

*... Mit wem würdest du am liebsten eine lange Reise machen?* (**1**) *Mit wem ganz bestimmt nicht?* (**1**) *Erklär mir bitte die Gründe?* (**Dhá cheann ar bith: 1 + 1**)

**E. (4)**

*Was sind deine Pläne für die Zeit nach den Prüfungen?* (**1,1**) (**plean amháin le tuilleadh eolais ceart go leor**)

*Ich würde dich so gerne nach Berlin einladen. Kannst du kommen?* (**1**) *Schreib mir, was du hier machen möchtest – ich organisiere alles, was du willst!* (**1**) (**is féidir tuilleadh a rá faoi “nicht”**)

**Cl. (2)**

Aistriú oiriúnach go dtí an deireadh/tagairt don litir (**1**)

Foirmle dheiridh chuí (**1**)

